Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

**15911/23**

**FIN 1225**
**INST 471**
**PE-L 43**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15155/23 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2023 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023 |

1. An 7 Samhain 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2023, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

Mar a taifeadadh in 15155/23, is é is cuspóir don togra seo:

(a) EUR 15 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a aistriú ó Airteagal 11 10 01 (*An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)*) chuig Airteagal 10 02 01 (*an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht*);

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(b) EUR 5 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ó Mhír 06 02 99 01 (*An Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a chomhlánú — Cúnamh teicniúil oibríochtúil arna aistriú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus ón gCiste Comhtháthaithe (roimh 2021)*) chuig Mír 07 03 01 01 (*Soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí a chur chun cinn, agus comhar, cuimsiú agus cothromas, barr feabhais, cruthaitheacht agus nuálaíocht ar leibhéal eagraíochtaí agus beartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna — Bainistíocht indíreach*); agus

(c) EUR 0.84 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí araon a aistriú ó Airteagal 30 02 02 (Leithreasuithe difreáilte) chuig Airteagal 02 03 02 (*an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa – Fuinneamh*).

2. Tá an t-aistriú á mholadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht — an tSaoráid Théamach — a atreisiú, *inter alia*, mar gheall ar mhéaduithe suntasacha ar thrasnuithe teorann neamhrialta feadh bhealach na Meánmhara Láir, go háirithe ón Túinéis, agus feadh bhealach na mBalcán Thiar;

(b) íocaíochtaí le Gníomhaireachtaí Náisiúnta faoi chlár Erasmus+ a chumhdach, a bhfuil riachtanais airgeadais agus leibhéil réamh-mhaoinithe níos airde le sárú anois acu ná mar a tuaradh ar dtús, rud a léiríonn an dlús atá curtha leis an gcur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí faoi bhainistíocht indíreach;

(c) an méadú ar an mbuiséad do ACER, a cuireadh sa chúlchiste, a aistriú ar ais chuig líne buiséid SCE – Fuinneamh, in éagmais ghlacadh an Rialacháin maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus nádúrtha agus le haghaidh hidrigine, ar beartaíodh ar dtús é a ghlacadh faoi dheireadh 2023.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo le haghaidh aistrithe ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Samhain 2023.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

— an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 15155/23 é; agus

— an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip: Uachtarán an Choimisiúin

A chara,

I gcomhréir le hAirteagal 31(4) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2023 laistigh de Roinn III –an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023.

(Beannacht scoir).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).